**Script Físeáin – Cur in iúl ó Thuismitheoirí**

Fáilte go **Cur in iúl ó Thuismitheoirí**, seirbhís a chuireann an Chomhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta (CNOS) ar fáil.

Tá **Cur in iúl ó Thuismitheoirí** deartha chun tacú le tuismitheoirí agus le caomhnóirí atá ag lorg socrúcháin i Rang Speisialta nó i Scoil Speisialta dá bpáiste, de réir na gcritéar atá leagtha síos ag an Roinn Oideachais agus Óige.

Is fuirist tús a chur leis.

Tabhair cuairt ar [www.ncse.ie](http://www.ncse.ie) agus comhlánaigh an fhoirm **Cur in iúl ó Thuismitheoirí** ar líne.

Sula dtosaíonn tú, bíodh an t-eolas seo a leanas réidh agat:

- Uimhir PSP do pháiste
- Dáta breithe do pháiste
- Seoladh baile agus Éirchód
- Tuarascálacha gairmiúla ábhartha, amhail measúnú síceolaíochta

Má tá do pháiste ag freastal ar scoil faoi láthair agus má tá **Plean Tacaíochta Dalta** aige/aici, iarraimid ort cóip de a chur ar fáil freisin. Mura bhfuil an doiciméad seo agat faoi láthair, nó mura bhfuil do pháiste tosaithe ar scoil fós, is féidir leat é a chur isteach níos déanaí. Ní chuirfidh easpa Plean Tacaíochta Dalta moill ar athbhreithniú d'iarratas.

Níor cheart go dtógfadh sé ach idir trí agus cúig nóiméad an fhoirm a chomhlánú.

Nuair a chuirfidh tú an fhoirm isteach, gheobhaidh tú ríomhphost deimhnithe ina mbeidh d'uimhir thagartha uathúil.

Déanfar ansin athbhreithniú ar an eolas agus ar na doiciméid a chuir tú ar fáil.

Má bhíonn aon eolas breise ag teastáil, rachaimid i dteagmháil leat go díreach.

Nuair a bheidh an t-athbhreithniú curtha i gcrích, déanfaidh d'Eagraí Riachtanas Speisialta Oideachais (ERSO) áitiúil teagmháil leat chun toradh an athbhreithnithe a chur in iúl duit.

Má tá cúnamh uait chun an fhoirm a chomhlánú, tá tacaíocht ar fáil.

Is féidir le d'ERSO áitiúil tú a threorú tríd an bpróiseas agus aon cheisteanna atá agat a fhreagairt.

Gheobhaidh tú sonraí teagmhála d'ERSO áitiúil ar shuíomh gréasáin an CNOS ag [www.ncse.ie](http://www.ncse.ie).

Nuair a bheidh an t-athbhreithniú críochnaithe, cuirfimid deimhniú i scríbhinn ar an toradh ar fáil duit.

Má léiríonn an t-eolas a chuir tú ar fáil go gcomhlíonann do pháiste na critéir ábhartha, gheobhaidh tú **Litir Incháilitheachta**.

Tá an litir seo riachtanach agus tú ag déanamh iarratais ar áit i Rang Speisialta nó i Scoil Speisialta.

Tá sé tábhachtach a mheabhrú nach ionann **Cur in iúl ó Thuismitheoirí** agus iarratas ar áit scoile.

Ní mór duit fós iarratas a dhéanamh go díreach chuig na scoileanna ar mhaith leat go bhfreastalódh do pháiste orthu.

Molaimid duit **Fógraí Iontrála** agus amlínte rollaithe na scoileanna a sheiceáil go rialta chun a chinntiú go gcuirtear iarratais isteach in am.

Tuigimid a thábhachtaí atá sé an socrú oideachais is oiriúnaí a aimsiú do do pháiste.

Tá an CNOS anseo chun tacú leat i rith an phróisis ar fad.

Má tá aon cheist agat, déan teagmháil le d'ERSO áitiúil nó tabhair cuairt ar **www.ncse.ie** chun tuilleadh eolais a fháil.